

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Doiciméad Treorach

Na cáipéisí athchlárúcháin
atá fós le cur isteach

Clár Ábhar

RÉAMHRÁ.....	2
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do stiúrthóirí cuideachtaí agus do bhoird bhainistíochta.....	3
Cáipéisí beartais.....	3
An Deimhniúchán um an tSábháilteacht ó Dhóiteáin	4
An Cead Pleanála	8
Pleananna urláir	11
Seicliosta de cháipéisí atá de dhíth faoin 30 Meitheamh 2020.....	12
Faisnéis agus tacaíocht bhreise	13
Rochtain ar an tairseach - freagraí ar do cheisteanna.....	14

Réamhrá

Mar is eol duit, is mór an líon soláthraithe seirbhíse luathbhlianta a raibh orthu athchlárú le Tusla faoi mhí na Nollag 2019. Bhí an ráta comhlíonta leis an bpróiseas athchlárúcháin an-ard go deo, agus bhí na soláthróirí go léir a raibh orthu a seirbhís a athchlárú cláraithe faoi mhí na Nollag 2019 ionas go mbeifidís in ann leanúint ar aghaidh ag cur seirbhís ar fáil. Bliain uafásach ghnóthach a bhí ann i mbliana in earnáil na luathbhlianta, agus ba mhian linn buíochas a ghabháil libh as an méid atá déanta agaibh i dtaca leis an bpróiseas seo.

Rinneadh an spriocdháta le haghaidh roinnt de na cáipéisí a shíneadh amach, agus is é an 30 Meitheamh an dáta spriocdháta nua atá ann. Ní mór na cáipéisí sin go léir a bheith curtha isteach faoin dáta sin chun an próiseas a thabhairt chun críche.

Seans maith go bhfuil roinnt daoine ann a bhfuil cuid de na cáipéisí sin curtha isteach acu cheana féin, nó iad uile, fiú.

Sa chás nach bhfuil gach uile cháipéis atá fós ag seasamh amach agat, caithfidh siad a bheith istigh faoin 30 Meitheamh 2020. A luaithe is atá na cáipéisí go léir bailithe le chéile agat, is féidir leat iad a chur ar aghaidh chuig Tusla tríd an Tairseach Tusla, atá le bheith curtha ar oscailt den athuir an 2 Aibreán 2020. Molaimid go ndéanfaí na cáipéisí a uaslódáil ar an tairseach a luaithe agus is féidir tar éis an 2 Aibreán. Beidh Treoir maidir leis an Tairseach ar fáil roimh an dáta sin. Nuair atá d'arratas curtha isteach, déanfar athbhreithniú air agus cuirfear aiseolas ar fáil duit maidir leis.

Tá faisnéis agus treoir ar fáil faoi na cáipéisí atá riachtanach sa cháipéis seo. Tá seicliosta de na cáipéisí ar fáil ar leathanach 12. Beidh leagan Gaeilge den cháipéis seo curtha ar fáil ar láithreán gréasáin Tusla sa tseachtain atá amach romhainn.

Tá roinnt tacaíochtaí ar fáil chun cabhrú leat agus tú ag tabhairt faoin bpróiseas athchlárúcháin. Tá Tusla ag obair i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae, le hEagrais Chúraim Leanaí Deonacha agus le Pobal chun na soláthraithe seirbhíse a chomhordú, agus a chuidiú, le linn dóibh tabhairt faoin bpróiseas clárúcháin.

Beidh tuilleadh eolais tacaíochta curtha amach le linn na seachtainí atá amach romhainn.

Gheobhaidh tú do dheimhniú clárúcháin ag deireadh an phróisis athchlárúcháin.

1. Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do stiúrthóirí cuideachtaí agus do bhoird bhainistíochta

Ní mór go gcuirfear grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar na stiúrthóirí cuideachtaí uile agus ar na comhaltaí uile de chuid boird cuideachta **más rud é go bhfuil rochtain acu ar leanaí i do sheirbhís.** Ní mór duit na cáipéisí seo a chur isteach mar chuid den iarratas ar athchlárúchán.

2. Cáipéisí beartais

Ní mór duit cóip de na polasaithe seo a leanas a chur isteach mar chuid de d'iarratas

An Polasaí um an mBainistíocht Iompair

An Polasaí um Ghearáin

An Polasaí um Thabhartas Cógais

An Polasaí um an Rialú Ionfhabhtaithe

An Polasaí i leith an Codladh Shábháilte

Déanfaidh na Cigirí Luathbhlianta athbhreithniú ar na polasaithe maidir leis an gcigireacht i do sheirbhís.

Treoracha maidir le conas do pholasaithe a nuashonrú

D'fhéadfadh treoirleabhar Tusla ar an fhorbairt pholasaithe a bheith de chabhrú leat agus tú ag tabhairt faoi polasaithe de do chuid féin. Tá Tusla tar éis polasaithe samplacha, teimpléid agus cáipéisí ghaolmhara a fhorbairt i gcomhar le Barnardos. Is féidir leat teacht orthusan ar láithreán gréasáin Tusla [anseo \(https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/sample-policies-and-templates/\)](https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/sample-policies-and-templates/).

Más **fheighlí leanaí** thú, tá polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis shamplacha maidir leis an fheighlíocht leanaí ar fáil [anseo https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/](https://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-quality-and-regulatory-framework/)

Tá Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae ar fáil chun tacú le soláthraithe seirbhíse chun polasaithe a fhorbairt agus a nuashonrú. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála CCCanna i do cheantar áitiúil ar www.myccc.ie.

3. An Deimhniúchán um an tSábháilteacht ó Dhóiteáin

Ag brath ar an dáta ar cuireadh do sheirbhís i mbun, beidh Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán nó Measúnú Baoil Dóiteáin ag teastáil uait. Chuathas i mbun comhairle le Cumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin (ACFO) chun na riachtanais seo a chinneadh.

Sa tábla seo, tá na cáipéisí ábhartha sin a dteastaíonn ar do sheirbhís iad a chur isteach leagtha amach:

Cáipéisí riachtanacha maidir leis an deimhniúchán um shábháilteacht ó dhóiteán

Seirbhísí atá i bhfeidhm ó Mhárta 2014 go dtí seo	*Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus na coinníollacha a bhaineann leis, más bainteach. Nó Deimhniú um Thabhairt chun Rialtachtá maidir leis an tSábháilteacht ó Dhóiteán.	<input type="checkbox"/>
Seirbhísí a bhí i bhfeidhm idir 1992 agus Márta 2014	*Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus na coinníollacha a bhaineann leis, más bainteach.	<input type="checkbox"/>
	Sa chás nach bhfuil Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán ann, Measúnú Baoil Dóiteáin	<input type="checkbox"/>
Seirbhísí atá ag feidhmiú ar dháta roimh don 1 Iúil 1992	Measúnú Baoil Dóiteáin	<input type="checkbox"/>

*Más rud é go bhfuil coinníollacha ag gabháil leis an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán atá agat, beidh ort Deimhniú um Chomhlíonadh Dóiteáin a chur isteach.

Ní bhíonn deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán ag teastáil ó fheighlithe leanaí.

Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Déanann an t-údarás rialaithe foirgníochta áitiúil Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a dheonú nuair atá measúnú déanta ag Oifigeach Dóiteáin ar phleananna agus sonraíochtaí an fhoirgnimh nua nó ar athruithe áirithe atá beartaithe le bheith curtha le foirgneamh atá ann cheana féin agus go bhfuil sé sásta go gcomhlíonann sé le Cuid B (Sábháilteacht ó Dhóiteán) de na Rialacháin Foirgníochta.

Rinneadh dlí den Deimhniúchán Dóiteáin an 1 Eanáir 1992 faoi na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta, 1991.

Ní gá feighlí leanaí atá ag tabhairt aire do 5 leanbh réamhscoile nó níos lú ina theach nó ina teach féin Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a bheith aige nó aici.

Cad is Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha maidir leis an tsábháilteacht ó dhóiteán?

Is é an t-údarás áitiúil a eisiúnn an Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha. Baineann sé le foirgnimh ghnó agus le bloic árasán a bhfuil tús curtha leis iad a dtógáil, nó a bhfuil siad tógtha go críochnúil, gan an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a bhí ag teastáil. Féadfar an deimhniú a bheith deonaithe agus coinníollacha a bheith ag gabháil leis, nó a bheith deonaithe gan choinníollacha, nó féadfar é a bheith diúltaithe.

An gá dom na coinníollacha atá mionsonraithe ar an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán atá agam nó ar an Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha atá agam a chur isteach?

Is gá, ní mór duit an liosta de na coinníollacha a ghabhann leis an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán nó a ghabhann leis an Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha atá agat a chur isteach.

An measúnú baoil dóiteáin

An raibh do sheirbhís ag feidhmiú roimh 2014? Más rud é go raibh, cheal Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a bheith ann, glacfaimid le Measúnú Baoil Dóiteáin ina dtaispeántar go bhfuil an obair a bhí de dhíth curtha i gcrích.

Ní mór do dhuine inniúil a dhéanann measúnú ar d'áitreabh agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ann Measúnú Baoil Dóiteáin a dhéanamh. Déanann siad amach cad é an baol atá ann go dtarlódh dóiteán a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh siúd atá san áitreabh nó timpeall air.

Tá sé mar aidhm ag an Measúnú Baoil Dóiteáin:

- guaiseacha dóiteáin a aithint
- bearta nó oibreacha a aithint a theastaíonn chun an riosca go dtarlódh na guaiseacha sin a dhíothú nó a laghdú.

Déanann siad cinneadh freisin maidir leis na réamhchúraimí dóiteáin agus na socrúithe bainistíochta atá de dhíth chun sábháilteacht daoine ar d'áitreabh a chinntiú sa chás go mbeadh tine ann.

Cé atá in ann Measúnú Baoil Dóiteáin a dhéanamh?

Ní mór gur **dhuine inniúil** a dhéanann an measúnú baoil dóiteáin. Maidir le rialacháin rialaithe foirgníochta, glacann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na daoine seo a leanas mar dhaoine inniúla:

- (a) ailtirí atá ar an gclár a ndéanann Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) é a chothabháil faoi Chuid 3 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007; Féach [anseo](https://www.riai.ie/) <https://www.riai.ie/>
- (b) suirbhéirí foirgníochta atá ar an gclár a ndéanann Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI) é a chothabháil faoi Chuid 5 den Acht um Rialú Foirgníochta, 2007; Féach [anseo](https://www.scsi.ie/) <https://www.scsi.ie/>
- (c) innealtóirí cairte ar an gclár a ndéanann Innealtóirí Éireann é a chothabháil faoi alt 7 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú) 1969. Féach [anseo](https://www.engineersireland.ie/home.aspx) <https://www.engineersireland.ie/home.aspx>

Ní féidir linn glacadh le Measúnú Baoil Dóiteáin ach amháin más rud é gur duine de na daoine inniúla de réir mar atá sainmhínithe thuas a rinne é. Moltar go ndéanfaí Measúnuithe Baoil Dóiteáin ar aon dul leis an gcáipéis ó 1999 maidir leis an tSábháilteacht ó Dhóiteán i Réamhscoileanna. Tá an cáipéis sin ar fáil ag: <https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/migrated-files/en/Publications/Community/FireandEmergencyServices/FileDownload,1027,en.pdf>

Má tá aon cheist agat faoi dhuine gairmiúil a bheith 'ina dhuine inniúil', féach tríd an liosta thuas.

An mbíonn tréimhse ama ar leith molta sa Mheasúnú Baoil Dóiteáin gur chóir na hoibreacha a bheith déanta laistigh de?

Beidh réimsí baoil i do sheirbhí aitheanta sa cháipéis Measúnaithe Bhaoil Dóiteáin chomh maith le hord tosaíochta leis na baoil sin. De ghnáth, leagann an measúnóir tréimhsí ama amach lenar cheart don obair a bheith críochnaithe, ag brath ar an gcineál riosca agus an poitéinseal díobhála atá i gceist.

Glacaimid leis an Measúnú Baoil Dóiteáin seo le haghaidh an chlárúcháin a luaithe is atá na hoibreacha críochnaithe laistigh de na tréimhsí ama atá luaite. Nuair atá an obair críochnaithe, beidh ort an fhianaise go bhfuil sé déanta a thaispeáint dúinn. I do cháilíocht mar an soláthraí cláraithe, ní mór duit a chinntiú go dtugtar aghaidh ar na rioscaí go léir a thugtar faoi deara laistigh de na tréimhsí ama leagtha amach sa Mheasúnú Baoil Dóiteáin. Ní mór aghaidh a thabhairt mar thosaíocht ar aon riosca atá aitheanta mar riosca do leanaí.

D'aistrigh mé an t-áitreabh atá agam in 2014; an gá dom Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a chur isteach fós féin?

Is gá, aon tseirbhís a d'oibrigh le níos mó ná cúig bliana, ach ar aistríodh an t-áitreabh atá aige ó bhí 2014 ann, caithfidh Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a chur isteach le haghaidh an áitribh atá á úsáid faoi láthair.

Sa chás nach bhfuil deimhniú dóiteáin ag seirbhís atá i bhfeidhm ó 2014 i leith, ní mór duit dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin faoin riachtanas Deimhniú um Thabhairt chun Rialtacha maidir le Dóiteáin a bheith agat.

Deimhnithe um Chomhlíonadh Dóiteáin

Ní mór duit Deimhniú um **Chomhlíonadh** Dóiteáin a chur isteach le do Deimhniú um **Shábháilteacht** ó Dhóiteán nuair a bhíonn coinníollacha ceangailte le do Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán.

Leis an Deimhniú um Chomhlíonadh Dóiteáin, deimhnítear go gcomhlíonann an foirgneamh leis an Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a eisíodh de réir Chuid B de na rialacháin foirgníochta. Eisítear é tar éis a bheith déanta ar an fhoirgneamh ag duine inniúil.

Cad is brí le ‘hathrú ábhartha ar áitreabh’?

Is éard atá i gceist leis seo ná athrú a dhéantar ar áitreabh tar éis don Deimhniú Dóiteáin tosaigh a bheith deonaithe. I gcásanna dá leithéid, féadfar go mbeidh gá le Deimhniú Dóiteáin nua nó le leasú a bheith curtha le Deimhniú Dóiteáin atá ann cheana féin. Ní mór duit dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin chun fáil amach cad iad na riachtanais atá i gceist i dtaca leis seo.

Cad is brí le ‘hathrú úsáide’?

Bronntar ‘Cead Úsáide’ ar áitribh. Más rud é, tar éis sin a bheith déanta, go n-athraíonn tú cuspóir foirgnimh nó má athraíonn cad chuige a n-úsáidtear é, deirtear gur ‘hathrú úsáide’ atá i gceist leis sin. Is iondúil go dteastaíonn cead pleanála agus deimhniú dóiteáin breise mar gheall ar an gcineál d’athruithe seo. Ní mór duit dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin chun fáil amach cad iad na riachtanais atá i gceist.

4. Cead pleanála

Ní mór cead pleanála cuí a bheith ag seirbhísí luathbhlianta chun feidhmiú. Ní mór dóibh cloí le rialacháin foirgníochta an Stáit chomh maith, seachas amháin sa chás go ndéanann an t-údarás cuí iad a dhíolmhú.

Má tá aon cheisteanna agat faoi na riachtanais phleanála a bhaineann le do sheirbhís, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin.

Cáipéisí atá riachtanacha maidir leis an bpleanáil

Seirbhísí atá ag feidhmiú in áitreabh ar leith le tréimhse ama níos lú ná 7 mbliana (ó bhí 2012 ann)	Cead pleanála Agus na coinníollacha a bhaineann leis, más bainteach. nó	<input type="checkbox"/>
	Fianaise go bhfuil iarratas déanta ar an gcoinneáil pleanála. Má éiríonn leis an bpróiseas coinneála caithefear cóip den chead pleanála a chur isteach a luaithe is a fhaightear é.	<input type="checkbox"/>
Seirbhísí ag feidhmiú in áitreabh le breis is 7 mbliana anuas (roimh 2012)	Cead pleanála Agus na coinníollacha a bhaineann leis, más bainteach. nó	<input type="checkbox"/>
	Mionnscríbhinn curtha faoi mhionn agus luaite ann go bhfuil an tseirbhís ag feidhmiú le 7 mbliana aníos, nó níos mó ná sin, san áitreabh ábhartha.	<input type="checkbox"/>
Seirbhísí atá ag feidhmiú in áitribh éigin le 7 mbliana nó níos mó anuas (roimh 2012) agus tréimhsí ann a raibh siad dúnta ó am go chéile	Cead pleanála Agus na coinníollacha a bhaineann leis, más bainteach. nó	<input type="checkbox"/>
	Fianaise go bhfuil iarratas ar choinneáil	<input type="checkbox"/>

	déanta. Má éiríonn leis an bpróiseas coinneála caithfear cóip den chead pleanála a chur isteach a luaithe is a fhaightear é.	
--	--	--

Ní mór deimhniú comhlíonta a chur isteach i dtaca leis na seirbhísí sin a bhfuil coinníollacha ag gabháil leo sa Deimhniú Pleanála

Caithfidh feighlí leanaí atá ag tabhairt aire do 5 leanbh réamhscoile nó níos lú ina theach nó ina teach féin cead pleanála a bheith aige nó aici.

Is éard is mionnscribhinn curtha faoi mhionn ná mionn a thugtar agus atá deimhnithe ag Coimisinéir Mionnaí nó atur nae cleachtach.

Tá an tseirbhís agam ag feidhmiú le breis agus seacht mbliana anuas. Mar sin féin, d'aistrigh mé an t-áitreabh laistigh den tréimshe seacht mbliana is deireanaí. An gá dom deimhniú pleanála a chur isteach?

Is gá. Maidir le seirbhísí luathbhlianta ar aistríodh a áitreabh le linn na tréimhse seacht mbliana is deireanaí, ní mór an cead pleanála riachtanach a chur isteach i dtaca leis an áitreabh nua.

Tá seirbhís curtha i mbun seirbhíse agam le seacht mbliana anuas (nó le tréimhse níos lú) ach níor iarraidh mé cead pleanála. Céard is féidir liom a dhéanamh?

Más rud é go bhfuil do sheirbhís i mbun seirbhíse le seacht mbliana anuas (nó le tréimhse níos lú) gan aon chead pleanála, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar an gcoinneáil phleanála leis an údarás áitiúil i do cheantar féin. Ní mór duit fianaise go bhfuil an t-iarratas seo déanta a chur isteach mar chuid den phróiseas athchlárúcháin.

Tá coinníollacha ag gabháil leis an bpleanáil atá agam a chuireann srian ar oibriúchán na seirbhíse luathbhlianta atá agam. Cad nach mór dom a dhéanamh nuair a dhéanaimse an clárúchán den athuair?

Más rud é nach sásaíonn tú na coinníollacha seo, fágann sé sin go bhfuil sárú pleanála á dhéanamh agat. Caithfidimid a chinntiú go bhfuil an t-áitreabh sábháilte do leanaí. Beimid ag lorg deimhniú go bhfuil tú ag cloí leis na coinníollacha maidir leis an tsábháilteacht. Más rud é nár gcloígh tú le ceann de na coinníollacha sábháilteachta, téigh i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin. Déanfaidh an t-údarás cinneadh maidir leis na bearta nach mór duit glacadh, más ann dóibh. Ní mór duit cruthúnas ar an idir-theagmháil sin a chur isteach chugainn.

Tá coinníollacha ag gabháil leis an dheimhniú pleanála atá agam nach bhfuil ag teacht leis an soláthar seirbhíse atá curtha ar fáil faoi láthair na huaire. Céard is féidir liom a dhéanamh?

Ba chóir duit dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil i do cheantar féin chun an phleanáil atá agat a rialáil. Is féidir leat leanúint ar aghaidh agus seirbhís a chur i bhfeidhm fad a bhfuil tú ag feitheamh ar an gcinneadh deiridh ach amháin sa chás go gcuireann an t-údarás áitiúil i do cheantar féin comhairle ort a mhalairt a dhéanamh.

Cad a tharlaíonn sa chás nach bhfuil an deimhniú pleanála agam faoin 30 Meitheamh?

Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil i do cheantar féin láithreach bonn. Glacfaimid le d'iarratas athchlárúcháin más rud é go bhfuil iarratas déanta ag do sheirbhís leis an údarás áitiúil, agus ní mór duit cruthúnas air sin a chur isteach chugainn.

Is féidir linn coinníollacha a chur i bhfeidhm ar do chlárúchán go dtí go bhfuil na cáipéisí deireanacha curtha isteach agat. Beidh do chlárúchán ina dhiaidh sin ar choinníoll go bhfaightear an phleanáil chuí ón údarás áitiúil i do cheantar féin.

Cad is Deimhniú um Chomhlíonadh Pleanála ann?

Is éard is Deimhniú um Chomhlíonadh Pleanála ná cruthúnas go gcomhlíonann an foirgneamh coinníollacha an cheada pleanála. Eisítear é tar éis a bheith déanta ar an fhoirgneamh ag duine inniúil.

Cathain a bhíonn orm an Deimhniú um Chomhlíonadh Pleanála a chur isteach?

Ní mór duit Deimhniú um Chomhlíonadh Pleanála a chur isteach nuair atá coinníollacha ag gabháil leis an Deimhniú Pleanála. Ní mór an fhaisnéis seo maidir leis an gcomhlíonadh a chur isteach chomh maith leis an Deimhniú Pleanála.

5. Pleananna urláir

Is éard is plan urláir ná dearadh nó líníocht shoiléir den áitreabh, den taobh istigh agus den taobh amuigh de. Caithfidh tú na nithe seo a leanas a chur isteach.

An dearadh intí

Ba chóir go léireofar dearadh intí an áitribh sa phlean urláir. Ba chóir go mbeadh gach uile sheomra, agus toisí na seomraí uile sin, léirithe ann. Ba chóir go n-áireofaí leis seo gach uile sheomra a úsáidtear chun an spás glan urláir a ríomh.

Is éard is spás glan urláir ná spás urláir sa tseirbhís atá ar fáil do na páistí chun oibre, chun súgartha agus chun bogadh timpeall.

Ní áirítear limistéir leithéidí cistineacha, leithreas, hallaí, limistéir codlata agus limistéir seirbhíse eile nuair a dhéantar an spás a thomhas agus ní mheastar gur spás glan urláir iad ach oiread.

Na spásanna taobh amuigh faoin spéir

Ba chóir go mbeadh gach aon limistéir taobh amuigh a d'fhéadfadh páistí a úsáid agus iad ag freastal ar an tseirbhís a chur san áireamh sa phlean agat. Is féidir pleananna lámhdhéanta don spás lasmuigh a bhfuil na teorainneacha léirithe iontu a chur isteach. Ní mór do na pleananna allamuigh a thaispeáint cá bhfuil an limistéir suite i dtagairt leis an fhoirgneamh luathbhlianta.

Líníochtaí

Caithfidh aon líníocht nó plan a chuireann tú isteach a bheith cruinn beacht. Ba chóir gur dhuine é a bhfuil taithí aige nó atá cáilithe go cuí a dhéanfaidh iad a dhréachtú. Mar sin féin, sa chás nach líníochtaí gairmiúla iad na cinn atá agat, glacfaimid le pleananna urláir cruinne más rud go bhfuil na tomhais curtha leo i méadair chearnacha, agus go bhfuil siad de réir scála.

Seirbhís feighlíochta leanaí

Ní gá duit pleananna urláir a chur isteach más rud é go bhfuil seirbhís feighlíochta leanaí curtha ar fáil agat ina dtugtar aire do 5 leanbh réamhscoile nó níos lú ná sin i do theach féin.

Seicliosta de na cáipéisí a theastaíonn faoin 30 Meitheamh 2020

Cáipéisí nach mór duit a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2020

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do stiúrthóirí cuideachtaí agus do bhoird bhainistíochta. (Féach leathanach 3 thuas)

Polasaithe

An Polasaí um an mBainistíocht Iompair.

An Polasaí um Ghearáin.

An Polasaí um an Tabhartas Cógais.

An Polasaí um an Rialú Ionfhabhtaithe.

An Polasaí i leith an Codladh Shábháilte.

An tSábháilteacht

Deimhniú um Shaábháilteacht ó Dhóiteán.¹ (Féach an Treoir thuas)

Pleanáil

An Cead Pleanála.¹ (Féach an Treoir thuas)

Pleananna

Pleananna urláir (laistigh agus lasmuigharaon).

Nóta:

¹Sa chás go bhfuil coinníollacha ag gabháil le deimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán nó le deimhniú pleanála, ní mór duit na coinníollacha gabhálacha sin chomh maith agus deimhniú comhlíonta a chur isteach.

Tuilleadh eolais agus tuilleadh tacaíochta

Eolas ginearálta ar conas athchlárú

Má tá ceist agat faoin bpróiseas athchlárúcháin, agus nach bhfaigheann tú an freagra leis sa cháipéis seo, is féidir leat dul i dteagmháil le Cigireacht Luathbhlianta Tusla na bealaí ag seo a leanas:

- ríomhphost: re.registration@tusla.ie
- fón: 061-461715

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin bpróiseas ar láithreán gréasáin Tusla ag www.tusla.ie.

Ceisteanna faoin tairseach ar líne

Tá córas deisce tacaíochta againn chun cabhrú leat i dtaca le haon cheisteanna teicniúla atá agat.

Cuir ríomhphost chuig portalsupport@tusla.ie, agus rachaidh duine den fhoireann i dteagmháil leat chun do cheist a fhreagra.

Comhairle agus tacaíocht bhreise

Tá tacaíocht ar fáil duit chun d'iarratais athchlárúcháin a líonadh ó na heagrais ag seo a leanas, freisin:

- Is féidir teacht ar shonraí teagmhála na gCoistí Cúraim Leanaí Cathrach agus Contae ar www.myccc.ie.
- Luath-óige Éireann (baill agus neamh-bhaill)

An tSeirbhís d'Fhostóirí Luathbhlianta (EYES)

Teileafón 01 4057103 Ríomhphost: eyes@earlychildhoodireland.ie

- Seirbhís Faisnéise Barnardos

Teileafón 01 4549699 R-phost: resources@barnardos.ie

- Feighlíocht Leanaí Éireann

Teileafón 01 287 8466 Ríomhphost: support@childminding.ie

Faisnéis bhreise

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar chaighdeáin theicniúla agus ar chóid theicniúla chomh maith le leasuithe foilsithe ar riachtanais dóiteáin agus pleanála ó láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta,

Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá an fhaisnéis ábhartha go léir le fáil ann agus is féidir teacht uirthi sin ag <https://www.housing.gov.ie/search/archived/current>.

Rochtain ar an tairseach - freagraí leis na ceisteanna atá agat

Conas is féidir liom rochtain a fháil ar an tairseach chun na cáipéisí a uaslódáil?

Beidh an Tairseach oscailte chun na cáipéisí athchlárúcháin atá fós le cur isteach a uaslódáil ón Déardaoin an 2 Aibreán ar aghaidh.

Chun rochtain a fháil ar an tairseach tar éis an 2 Aibreán, lean an nasc gréasáin seo a leanas agus cuir isteach do shonraí logála- <https://portal.tusla.ie/>

Más rud é nach bhfaigheann tú ríomhphost ó Tusla, seiceáil na fillteáin spamála agus dramhphoist i do chuntas ríomhphoist chun a bheith lánchinnte de nach bhfuil an ríomhphost i gceachtar cheann de na fillteáin sin.

Tá fadhbanna agam chun logáil isteach ar thairseach Tusla, cén áit is féidir liom cabhair a fháil?

Cuir ríomhphost chuig tacaíocht TFC um an tairseach TFC ag portalsupport@tusla.ie. Cuirfidimid cabhair leat logáil isteach sa tairseach arís.

Rinne mé dearmad ar mo phasfhocal, cén áit is féidir liom cabhair a fháil chun logáil isteach sa tairseach arís?

Cliceáil ar an rogha 'Forgot Password' [nó 'Dearmad Déanta ar an bPasfhocal'] ar leathanach logála na tairisí agus lean na treoracha ar an scáileán. Ar chláraigh tú do ghuthán póca nuair a chruthaigh tú do chuntas úsáideora ar an tairseach? Más amhlaidh, taispeánfar duit sna treoracha ar an scáileán conas do phasfhocal a athshocrú trí chód fíoraithe a chur chuig do ghuthán. Má tá aon deacrachtaí agat, cuir ríomhphost chugainn chun cabhair a fháil ag portalsupport@tusla.ie.

An gá dom gach aon cháipéis ar leith a ainmniú sula ndéanfaidh mé é a uaslódáil ar an tairseach?

Is gá, **ní mór** duit gach aon cháipéis ar leith a ainmniú ionas gur féidir linn d'iarratas a phróiseáil go héifeachtúil.

Conas is féidir liom na cáipéisí atá curtha isteach agam roimhe seo a sheiceáil?

Is féidir leat d'iarratas a fheiceáil ach logáil isteach ar an tairseach agus d'uimhir IG, a bhfuil 5-dhigit inti, a úsáid. Tá na cáipéisí a ndearna tú iad a uaslódáil roimhe seo ar d'iarratas ar thairseach. Féach an liosta de cháipéisí ar leathanach 12 den cháipéis seo le do thoil chun dearbhú na riachtanais atá agat chun an próiseas athchlárúcháin a thabhairt chun críche.

Tá deacrachtaí agam chun na cáipéisí a uaslódáil ar an tairseach, cad is féidir liom a dhéanamh?

Ba chóir duit na cáipéisí a scanadh chun iad a chur isteach. Is féidir scanóir, é sin nó aip cuí ar d'fhón póca, a úsáid. Ná glac grianghraif de na cáipéisí, le do thoil, toisc go nglacann siad sin a lán spás sa chuimhne agus go bhfuil siad éagobhsaí le linn an phróisis uaslódála.

An féidir liom na cáipéisí riachtanacha go léir a uaslódáil ag an am céanna?

Is féidir, agus is é sin an rogha is fearr. Más rud é nach gcuireann tú ach cuid de na cáipéisí isteach agus go bhfuil tú ag iarraidh an chuid eile a uaslódáil níos déanaí, beidh ort tacaíocht tairsí a iarraidh chun rochtain a fháil ar an iarratas den athuair.

Tá cuntas cruthaithe agam ar an tairseach. Ach anois tá deacracht agam mo chuid cáipéisí a uaslódáil toisc go bhfuil siad ró-mhór. Conas is féidir liom é seo a réiteach?

Is é an t-uasmhéid comhaid is féidir leat a uaslódáil ná 28 meigibheart. Go ginearálta, is ionann é sin agus idir timpeall ar 15 go 50 leathanach de cháipéisí ar scanadh iad. Mar sin féin, braitheann sé seo ar thaifeach na scanála atá socraithe agat.

Más rud é go bhfuil do cháipéis níos mó ná an uasteorainn de 28 meigibheart, cuirfear in iúl duit gurb amhlaidh sna teoracha ar an scáileán nuair a dhéanfaidh tú iarracht í uaslódáil. Má tharlaíonn sé seo, is é an tslí is éasca is furasta chun an fhadhb a réiteach ná do cháipéis a scanáil den athuair agus thaifeach níos ísle a úsáid sa scanáil. De rogha air sin, d'fhéadfaí an comhad a roinnt ina dhá chuid ar leith. Má tá aon deacracht agat cáipéisí a uaslódáil, is féidir leat ríomhphost a chur chugainn chun cabhair a fháil ag portalsupport@tusla.ie.